Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10320/1/26**
**REV 1**

**SOC 383**
**EMPL 204**
**ECOFIN 794**
**GENDER 110**
**EDUC 258**
**COMPET 740**
**SAN 461**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le gnéithe inscne-bhainteacha de cháilíocht poist<br>*- Cur i láthair ó Chathaoirleach EMCO*<br>*- Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le gnéithe inscne-bhainteacha de cháilíocht poist atá le cur faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 29 Meitheamh 2026.

**Gnéithe inscne-bhainteacha de cháilíocht poist**

**Na príomhtheachtaireachtaí**

## 1. RÉAMHRÁ

**An 24-25 Márta 2026, thionóil Grúpa Anailíse Beartais an Choiste Fostaíochta (EMCO PAG) cruinniú trípháirteach inar tugadh le chéile ionadaithe ó chomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún chun an ghné inscne de cháilíocht poist a phlé.** Tionóladh an cruinniú i gcomhthéacs níos leithne obair leanúnach EMCO ar cháilíocht poist, ag tógáil ar an Tuairim a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i mí an Mheithimh 2025[1] agus sular thug Grúpa Táscairí EMCO (IG)[2] an creat faireacháin gaolmhar cothrom le dáta. Bhí an plé bunaithe ar fhianaise a chuir an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), Eurofound, Eurostat agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) i láthair, ag díriú ar thrí théama idirghaolmhara: (i) cómhargáil agus leithscaradh earnála; (ii) an bhearna phá idir na hinscní, dul chun cinn gairme agus cosaint shóisialta; agus (iii) strus a bhaineann leis an obair, meabhairshláinte agus cothromaíocht oibre is saoil.

[1] Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist, an 6 Meitheamh 2025.

[2] 2026 Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (EPM), *le teacht*.

## 2. PRÍOMHGHNÉITHE BEARTAIS MAIDIR LEIS AN nGNÉ INSCNE DE CHÁILÍOCHT POIST

**Léiríodh sa phlé réaltacht bhunúsach choiteann ar fud an Aontais: tá neamhionannais inscne i gcáilíocht poist fós de chineál struchtúrach agus carnach**. Léiríonn bearnaí leanúnacha sa phá, dul chun cinn gairme, dálaí oibre agus leordhóthanacht pinsean éifeacht chomhcheangailte dheighilt mhargadh an tsaothair, freagrachtaí éagothroma cúraim, steiréitíopaí inscne leanúnacha agus bristeacha leanúnacha gairme ar feadh an tsaoil. Treisíonn an dinimic sin a chéile le himeacht ama, rud a chuireann le tuilleamh saoil níos ísle, le torthaí cosanta sóisialta níos laige agus le deiseanna laghdaithe do mhná sa mhargadh saothair.

**Sainaithníodh cómhargáil agus idirphlé sóisialta mar luamháin thábhachtacha don dul chun cinn, ach tá a rannchuidiú fós míchothrom ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát.** Tugadh le fios san fhianaise a cuireadh i láthair le linn an chruinnithe gur féidir leis an gcómhargáil rannchuidiú le bearnaí inscne a laghdú nuair a dhéantar gné na hinscne a chomhtháthú go córasach i gcomhaontuithe comhchoiteanna agus nuair a dhéantar ionadaíocht leordhóthanach ar mhná i struchtúir na gceardchumann agus na gcomhpháirtithe sóisialta. An tráth céanna, leanann srianta struchtúracha leanúnacha de theorainn a chur leis an dul chun cinn, lena n-áirítear tearcionadaíocht na mban i bpoist cheannaireachta agus a gcomhchruinniú in earnálacha amhail cúram, tráchtáil agus turasóireacht, inar minic nach mbíonn dálaí oibre chomh fabhrach céanna don chomhionannas inscne agus ina mbíonn obair pháirtaimseartha ainneonach fós forleathan.

**Níor cheart an bhearna phá idir na hinscní agus na difríochtaí idir na hinscní maidir le dul chun cinn gairme a thuiscint mar shaincheisteanna pá comhionanna amháin, ach mar thoradh ar mhíbhuntáistí carnacha a thagann chun cinn le linn an tsaoil.** Sainaithníodh leithscaradh gairme, dáileadh éagothrom freagrachtaí cúraim agus bristeacha gairme arís agus arís eile mar phríomhspreagthaí do thuilleamh saoil níos ísle agus do thorthaí pinsin níos laige do mhná. Sa chomhthéacs sin, leag na rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé beartais maidir leis an margadh saothair a chomhcheangal le beartais cosanta teaghlaigh agus sóisialta, go háirithe trí chúram leanaí inacmhainne, trí chórais saoire do thuismitheoirí lena spreagtar comhroinnt níos cothroime freagrachtaí cúraim, agus trí chumhdach cosanta sóisialta níos láidre le haghaidh cineálacha neamhchaighdeánacha oibre.

**Tháinig cothromaíocht oibre is saoil agus meabhairshláinte chun cinn mar ghné atá ag éirí níos tábhachtaí de cháilíocht poist, go háirithe i gcomhthéacs ualaí cúraim éagothroma agus cineálacha eagrúcháin oibre atá ag teacht chun cinn.** Cé gur féidir le socruithe solúbtha agus cianoibre neamhspleáchas a fheabhsú agus tacú le cothromaíocht oibre is saoil, is féidir leo freisin na teorainneacha idir an saol gairmiúil agus an saol príobháideach a dhoiléiriú agus baol na ró-oibre a mhéadú, go háirithe do mhná a leanann de sciar díréireach d’fhreagrachtaí cúraim gan íocaíocht a iompar. Tháinig imní ar leith chun cinn freisin maidir le minicíocht leanúnach an fhoréigin agus an chiaptha san ionad oibre, lena n-áirítear gnéaschiapadh. Ar bhonn níos leithne, cuireadh i bhfios go láidir sa phlé nach féidir cothromaíocht oibre is saoil a laghdú go solúbthacht amháin, ach go bhfuil gá le coimircí, cosc, an ceart chun dícheangail, agus creataí sábháilteachta agus sláinte ceirde lena gcomhtháthaítear gné inscne níos láidre.

**Ar fud na dtéamaí uile, leagadh béim san idirphlé freisin ar thuairimí éagsúla maidir leis na hionstraimí beartais is éifeachtaí chun dlús a chur leis an dul chun cinn.** Chuir ceardchumainn i bhfios go láidir nár éirigh le cur chuige deonach amháin athrú leordhóthanach a bhaint amach agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá forfheidhmiú, faireachán agus creataí ceangailteacha níos láidre. D’áitigh eagraíochtaí fostóirí, agus cineál struchtúrach na ndúshlán a sainaithníodh á aithint acu, nach féidir saincheisteanna amhail leithscaradh earnála agus ordlathach a réiteach trí reachtaíocht amháin agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá dreasachtaí, tionscnaimh uas-scilithe, réitigh ar leibhéal an ionaid oibre agus ceanglais chomhréireacha cur chun feidhme, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

## 3. CONCLÚIDÍ

Ní féidir tuilleadh feabhsuithe ar cháilíocht na bpost do mhná a bhaint amach trí bhearta nó idirghabhálacha aonair atá teoranta d’earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná. Ina ionad sin, léiríonn an fhianaise dinimic struchtúrach a éilíonn gníomhaíocht chomhordaithe ar fud na margaí saothair, na gcóras cosanta sóisialta, na mbeartas scileanna agus an idirphlé shóisialta, in éineacht le bearta a thacaíonn le comhroinnt níos cothroime freagrachtaí cúraim agus a thugann aghaidh ar mharthanacht steiréitíopaí inscne maidir le roghanna oideachais agus gairme a mhúnlú.

**Príomhthoisc is ea go léiríonn neamhionannais leanúnacha maidir le pá, dul chun cinn gairme, dálaí oibre agus pinsin éifeacht charnach na míbhuntáistí a charntar le linn an tsaoil.** Gan beartais a d'fhéadfadh cur isteach ar an dinimic sin, is dócha go leanfaidh an dul chun cinn de bheith teoranta. Cé go bhfuil éagsúlacht sna cuir chuige maidir le hualach coibhneasta na rialála ceangailtí agus na mbeart dreasacht-bhunaithe, aithnítear go forleathan go bhfuil gá le gníomhaíocht níos cinntithí agus níos ailínithe ar fud na mbeartas fostaíochta, cúraim, cosanta sóisialta agus scileanna chun laghduithe marthanacha ar bhearnaí inscne a bhaint amach.

Ag féachaint chun cinn, d'eascair roinnt tosaíochtaí gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais as an bplé. Áirítear orthu sin cur chun feidhme éifeachtach agus comhréireach na Treorach maidir le Trédhearcacht Pá a áirithiú, gné láidir inscne i dtionscnaimh atá ar na bacáin maidir le cáilíocht post, feabhas a chur ar chreataí bailithe sonraí agus faireacháin, agus úsáid éifeachtach an chistithe ón Aontas atá ar fáil a áirithiú – go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) – chun tacú le hathchóirithe agus le hiarrachtaí uas-scilithe. Dearbhaíodh san idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta freisin gur féidir ról tábhachtach a bheith ag an gcómhargáil agus ag an idirphlé sóisialta maidir le haghaidh a thabhairt ar dheighilt i margadh an tsaothair, ar fhreagrachtaí cúraim éagothroma agus ar steiréitíopaí inscne leanúnacha i saol na hoibre.